COLÁISTE NAOMH FEICHÍN

**Bord Bainistíochta**

**Cruinniú – Dé Luain 30ú d'Eanáir 2023**

**3.15in - 4.00in**

Miontuairiscí Aontaithe – Tuismitheoirí / Caomhnóirí agus Múinteoirí

Tionóladh Cruinniú Speisialta do Bhord Bainistíochta an Choláiste ar an Luain an 30ú d'Eanáir ag 3.15 i.n.

**I láthair**, bhí T. Ó C., S. Ó T., P. Ó C., Á. B., C. Ó C., agus G. Ní C. (Rúnaí/Príomhoide).
**Leithscéal ó:** G. Uí C. agus P. S.

1. **Fáiltiú**

   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh chách.

2. **Leasaithe ar Pholasaí Iontrála**

   Cuireadh na leasaithe dlíthiúla ar an bPolasaí Iontrála faoi bhráid baill an Bhord tar éis iad a bheith scaipthe orthu roimh ré. Déanadh plé ar an dá athrú agus ghlac na baill leis na hathraithe faoi Alt 37(A) agus 67(4)(b) den Acht Oideachais. Mhol T. Ó C. an chéad leasú le tacaíocht ó C. Ó C., agus mhol A. B. go glacfar leis an dara leasú le tacaíocht ó P. Ó C.

   - Comhoibreoidh Coláiste Naomh Feichín leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid.
   - Comhlíonfaidh Coláiste Naomh Feichín le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an bpátrún nó ar an mbord, de réir mar is ábhartha, faoi alt 37A agus le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord faoi alt 67(4)(b) den Acht Oideachais.